AN ROINN OIDEACHAIS

DRÉACHT-MHEASÚNACHT TIONCHAIR CHOMHIONANNAIS AR AN MHOLADH LE MAOINIÚ A BHAINT AR SHIÚL Ó RANNÓGA ULLMHÚCHÁIN SCOILEANNA GRAMADAÍ

Eanáir 2010

DRÉACHT-MHEASÚNACHT TIONCHAIR CHOMHIONANNAIS AR AN MHOLADH LE MAOINIÚ A BHAINT AR SHIÚL Ó RANNÓGA ULLMHÚCHÁIN SCOILEANNA GRAMADAÍ

Achoimre

Shocraigh An Roinn Oideachais (dá dtagrófar an Roinn ina dhiaidh seo) measúnacht a dhéanamh ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar an mholadh i dTuarascáil na Seirbhíse Comhairliúcháin Ghnó (BCS) de chuid na Roinne Airgeadais agus Pearsanra ar an Athbhreithniú ar Mhaoiniú do Rannóga Ullmhúcháin Scoileanna Gramadaí chun maoiniú na Roinne a bhaint ar shiúl.

De réir Alt 75 den Acht um Thuaisceart Éireann 1998 ní mór don Roinn, agus a feidhmeanna a chomhall, aird chuí a bheith aici ar an ghá chun comhionannas deiseanna a chur chun cinn idir:

- daoine a bhfuil cúlraí áirithe creidimh acu;
- daoine ó chiníocha áirithe;
- daoine ó aoisghrúpaí áirithe;
- daoine a bhfuil stádas áirithe pósta acu;
- daoine a bhfuil claonadh áirithe gnéasach acu;
- fir agus mná go ginearálta;
- daoine a bhfuil míchumas acu nó daoine nach bhfuil míchumas acu;
- daoine a bhfuil cleithiúnaithe orthu; agus
- daoine a bhfuil dearcaí áirithe polaitiúla acu.

Ar a bharr sin, ach gan dochar don dualgas thuas, beidh aird ag an Roinn agus a cuid feidhmeanna a chomhall aici ar an inmhianaitheacht le dea-chaidrimh a chur chun cinn idir daoine a bhfuil cúlraí áirithe creidimh agus dearcaí polaitiúla acu nó atá ó chiníocha áirithe.

Is é an bhunfheidhm atá leis an dréacht-Mheasúnacht Tionchair Chomhionannais seo (EQIA) ná le méid thionchar difreálach an athraithe mholta pholasaí ar chatagóirí Rannán 75, agus ar ghrúpaí sna catagóirí sin,

agus lena chinntiú cé acu an drochthionchar nó dea-thionchar é.[1].i. an mbíonn drochthionchar ag an athrú polasaí ar dhaoine i gceann nó i níos mó ná ceann amháin de na grúpaí comhionannais?

De réir na gconclúidí a baineadh amach sa dréacht-EQIA ní mheastar go mbeidh drochthionchar suntasach ar bith ar ghrúpa comhionannais ar bith de chuid Rannán 75 mar gheall ar an mholadh.

[1] Treoir Phraiticiúil ECNI ar Mheasúnachtaí Tionchair Chomhionannais.

Ar Lorg do Thuairimí

Tá an Roinn ag tabhairt faoi EQIA ar an mholadh atá san Athbhreithniú ar Mhaoiniú do Rannóga Ullmhúcháin Scoileanna Gramadaí, ar thug BCS na Roinne Airgeadais agus Pearsanra faoi (DFP), gur chóir don Roinn amharc ar mhaoiniú a bhaint ar shiúl ó rannóga ullmhúcháin.

Cuid lárnach de mheasúnacht a dhéanamh ar thionchair an athraithe mholta pholasaí is ea amharc ar fhianaise agus ar eolas agus ba mhaith leis an Roinn cuireadh a thabhairt do ghrúpaí leasmhara a gcuid tuairimí agus a gcuid dearcaí a thabhairt ar an dréacht-EQIA. Tugtar cuireadh duit tuairim a thabhairt ar an dréacht EQIA faoin **Déardaoin 4 Márta 2010.**

Cuireann an Roinn fáilte ach go háirithe roimh thuairimí ar dhrochthionchar a d'fhéadfadh a bheith ar ghrúpa faoi leith mar gheall ar an athrú polasaí seo. Ba chóir tuairimí a léiriú trí úsáid a bhaint as an cheistneoir ag **Iarscríbhinn 1.**

Tabhair faoi deara le do thoil go mb'fhéidir go gcuirfí do fhreagra ar fáil go poiblí. Mura mhaith leat go gcuirfí do fhreagra ar fáil go poiblí, nó dá mb'fhearr leat go mbainfí úsáid as gan ainm, léirigh an méid seo le do thoil agus freagra á thabhairt agat. Féach **Iarscríbhinn 2,** a shonraíonn an cás i dtaca leis an Acht um Shaoráil Faisnéise.

Is féidir leat teagmháil a dhéanamh linn ach scríobh chugainn ag an seoladh thíos nó tríd an ríomhphost:

Chris McRoberts
Brainse Airgeadais na Scoileanna
An Roinn Oideachais
Teach Rathgael
42 Bóthar Balloo
Beannchar
BT19 7PR

Teileafón: 028 91 279282

ríomhphost chris.mcroberts@deni.gov.uk
Téacsfón: 028 91 279472 – líne thiomanta do na daoine sin a bhfuil lagú éisteachta agus/nó máchail chainte acu

Má bhíonn an doiciméad seo de dhíth ort i bhformáid eile, déan teagmháil le do thoil leis an seoladh/na huimhreacha teagmhála thuas.

Tá an doiciméad seo ar fáil freisin ar an Láithreán Gréasáin seo a leanas:

http://www.deni.gov.uk/index/85-about-the-dept/85-about_dept-consultations.htm

Clár na nÁbhar

1.	Réamhrá agus Cúlra	7
2	Sainmhíniú ar Aidhmeanna an mholta chun maoiniú a bhaint ar shiúl ó Rannóga Ullmhúcháin Scoileanna Gramadaí	11
3	Breithniú ar Shonraí agus ar Thaighde atá ar fáil	17
4	Measúnacht ar Thionchair	18
5	Breithniú ar Mhaolú agus Roghanna Eile	21
6	Promhadh Tuaithe/Réigiúnach	22
7	Comhairliúchán	23
8	Cinneadh faoin tuarascáil agus foilsiú na tuarascála	25
9	Monatóireacht ar Dhrochthionchar sa Todhchaí agus Foilsiú Thorthaí na Monatóireachta sin	26

Iarscríbhinní

Iarscríbhinn 1: Ceisteanna le haghaidh Comhairliúcháin

Iarscríbhinn 2: Acht um Shaoráil Faisnéise

1. RÉAMHRÁ AGUS CÚLRA

Réamhrá

Léirigh An tAthbhreithniú Straitéiseach Neamhspleách ar Oideachas (Tuarascáil Bain), a foilsíodh i Nollaig 2006, an cheist seo faoi mhaoiniú daltaí scoileanna ullmhúcháin. I dtaca le leithdháileadh an bhuiséid oideachais, chuir sé in iúl:

> *"Ní mór do chothromas a bheith ag croílár an leithdháilte seo. Mar gheall air seo, tá páirtmhaoiniú rannóga ullmhúcháin a ghearrann táillí i scoileanna gramadaí aimhrialta. Ní féidir ach le leanaí a bhfuil sé d'acmhainn ag a gcuid tuismitheoirí an táille riachtanach a íoc rochtain a fháil ar an ghné seo de sholáthar fóirdheontas tarmligin. Tá cuma ar an scéal gur úsáid mhíchothrom de mhaoiniú poiblí é seo agus go bhfuil sé neamhiomasach i gcóras maoinithe atá ag bainistiú brúnna leibhéil aird de thoilleadh breise ag an am chéanna. Ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar an réasúnaíocht don ghné seo de chaiteachas a bhaineann le scoileanna agus ba chóir amharc ar a thodhchaí maidir le cothromas agus i gcomhthéacs na mbrúnna móra atá ar an bhuiséad oideachais".*

Príomh-mholadh de chuid Thuarascáil Bain (moladh 5) ba ea:

> *"Gur chóir athbhreithniú a dhéanamh ar an réasúnaíocht le rannóga ullmhúcháin a mhaoiniú i scoileanna gramadaí".*

Ar aon dul le moladh 5 de Thuarascáil Bain, choimisiúnaigh An Roinn Seirbhís Comhairliúcháin Ghnó (BCS) den Roinn Airgeadais agus Pearsanra tabhairt faoi athbhreithniú ar mhaoiniú do rannóga ullmhúcháin i scoileanna gramadaí agus chun tuarascáil a chur ar fáil don Roinn i Márta 2009.

Ba iad na téarmaí tagartha (TOR) ar aontaíodh orthu le haghaidh an athbhreithnithe le tabhairt faoi athbhreithniú ar an pholasaí reatha le maoiniú poiblí a chur ar fáil do Rannóga Ullmhúcháin, agus le moltaí a dhéanamh nuair

ba chuí. Bhí an t-athbhreithniú ann leis an ceisteanna seo a leanas a phlé ach go háirithe:

- Cé acu atá soláthar maoinithe nach féidir ach le leanaí a fháil a bhfuil sé d'acmhainn ag a gcuid tuismitheoirí na táillí cuí a íoc ag teacht le prionsabal an chothromais agus acmhainní á ndáileadh;
- Cé acu an féidir seasamh le maoiniú den chineál sin nuair a thugtar san áireamh an brú atá agus a bheidh ar an bhuiséad oideachais;
- Cé acu an féidir seasamh leis an pholasaí reatha anois go bhfuil barrachas ard de thoilleadh in áiteanna bunscoile; agus
- Córais eile de thacaíocht ón rialtas le haghaidh scoileanna táille i bPoblacht na hÉireann, i Sasana, in Albain, sa Bhreatain Bheag agus san Eoraip.

Chonclúidigh an Tuarascáil nach bhfuil soláthar maoinithe nach féidir ach le leanaí a fháil a bhfuil sé d'acmhainn ag a gcuid tuismitheoirí na táille cuí a íoc ag teacht le prionsabal an chothromais agus acmhainní á ndáileadh. Molann an tuarascáil gur chóir don Roinn amharc ar mhaoiniú a bhaint ar shiúl ó Rannóga Ullmhúcháin mar gheall ar chothromaíochta rochtana.

Ghlac an tAire le príomhthorthaí na tuarascála gur léirigh gur chóir go mbeadh breithniú an mholta seo chun maoiniú a bhaint ar shiúl ó Rannóga Ullmhúcháin faoi réir EQIA sula nglactar leis an chinneadh deiridh.

Tá sé mar aidhm ag an doiciméad seo taifead a dhéanamh ar thorthaí an EQIA agus tuairimí a lorg ar thionchair ar bith ar ghrúpaí Rannán 75 nó ar dheiseanna chun dea-chaidrimh a chur chun cinn idir daoine a bhfuil cúlraí áirithe creidimh, tuairimí polaitiúla acu nó daoine ó chiníocha áirithe.

Cúlra

I láthair na huaire tá beagnach 2,426 dalta (arb ionann é agus 1.5% de dhaonra na bunscoile) ag freastal ar na 16 roinn ullmhúcháin i roinnt scoileanna gramadaí i dTuaisceart Éireann. Uathu siúd, is scoileanna gramadaí deonacha iad 13 acu (scaipthe ar gach ceantar Boird Oideachais agus Leabharlainne) agus is scoileanna gramadaí rialaithe iad 3 acu i mBord Oideachais agus Leabharlainne an Oirdheiscirt (SEELB).

Níl Rannóga Ullmhúcháin i scoileanna gramadaí maoinithe go hiomlán, ach páirtmhaoinithe tríd an mháthairscoil ghramadaí, a mbíonn cuid de scair a bhuiséid ann, nuair is cuí, do dhaltaí sa Rannóg Ullmhúcháin. Sa bhliain 2009/10 mheall gach dalta ullmhúcháin sa scoil maoiniú deontais i gcabhair de £808 (arb ionann é, beagnach, agus 30% de chostais teagaisc), i gcomparáid le gnáth-mhaoiniú an dalta de £2,911 le haghaidh gach dalta bunscoile príomhshrutha. £1,960,685 an méid iomlán a leithdháileadh ar na rannóga ullmhúcháin sa bhliain 2009/10.

Ba é an tAcht Oideachais 1947 a bhunaigh an córas le maoiniú a chur ar fáil do chaiteachas atréimhseach rannóga ullmhúcháin i scoileanna gramadaí deonacha. D'ordaigh ag Aguisín le Ciorclán 1950/22 gur chóir gur leor na táillí teagaisc a ghearrtar i rannóga ullmhúcháin de scoileanna gramadaí deonacha in éineacht le deontais ón Roinn ionas go mbeidh na rannóga ullmhúcháin féintacaithe. Ag an am ba le caitheamh ar an méid seo a leanas a bhí deontais na Roinne: tuarastail mhúinteoirí, deontas caiptíochta, ranníocaíochtaí aoisliúntais, ranníocaíochtaí leasa shóisialaigh, fostú cúntóir teangacha nua-aimseartha agus as neamhláithreacht múinteoirí.

Mar ullmhúchán sular glacadh isteach maoiniú Blocdheontais sa scoilbhliain 1984/85, áiríodh gurbh ionann na deontais thuas agus 50% de na costais cheadaithe teagaisc sna rannóga ullmhúcháin. Aontaíodh le Cumann na mBord Rialaithe go mbeadh deontas tugtha i gcabhair de réir na socruithe Blocdheontais le híoc as na costais cheadaithe teagaisc ar an ráta seo, agus sin in áit na ndeontas áirithe a bhíodh mar íocaíocht roimhe sin.

Nuair a tugadh isteach an scéim um Bainistíocht Áitiúil Scoileanna sa bhliain 1991/21 is amhlaidh gur baineadh ar shiúl an t-idirdhealú idir costais teagaisc agus costais neamhtheagaisc. Níorbh oiriúnach ina dhiaidh sin, dá bhrí sin, leanúint ar bhonn 50% de chostais aontaithe teagaisc ach áiríodh gurbh ionann an comhaontú 50% agus liúntas cuí de Aonad Dalta Aois-Ualaithe (AWPU). D'fheidhmigh na socruithe maoinithe foirmle ar an bhonn sin agus tháinig iarmhéid na gcistí a bhí de dhíth ar rannóg ullmhúcháin ó tháillí teagaisc phríobháidigh.

Sa bhliain 1998 laghdaíodh leibhéal an deontais le haghaidh rannóga ullmhúcháin go 30% de chostais teagaisc, mar chuid den tiomantas le hacmhainní oideachais a dhíriú ar na háiteanna ba mhó gá.

2. SAINMHÍNIÚ AR AIDHMEANNA AN MHOLTA CHUN MAOINIÚ A BHAINT AR SHIÚL Ó RANNÓGA ULLMHÚCHÁIN SCOILEANNA GRAMADAÍ

Cad iad na haidhmeanna, na cuspóirí agus na spriocanna atá leis an mholadh chun maoiniú a bhaint ar shiúl ó Rannóga ullmhúcháin scoileanna gramadaí?

Molann Tuarascáil an BCS ar Athbhreithniú ar Mhaoiniú gur chóir don Roinn amharc ar mhaoiniú a bhaint ar shiúl ó Rannóga Ullmhúcháin do Scoileanna Gramadaí mar gheall ar **chothromaíocht rochtana.**

Léiríonn an rannán seo go bhfuil an moladh le maoiniú a bhaint ar shiúl ó Rannóga Ullmhúcháin Scoileanna Gramadaí ar aon dul le polasaithe an Rialtais féin agus ar aon dul le dearcadh an Choimisiúin Chomhionannais.

Polasaithe na Roinne

<u>Cothromaíocht Rochtana ar Oideachas</u>

Is é príomhpholasaí na Roinne sna blianta atá romhainn chun caighdeáin oideachais a ardú go hiomlán agus leis seo a bhaint amach tá sé mar aidhm aici an chothromaíocht a chur i gcroílár an chórais oideachais, **agus lena chinntiú go mbíonn cothromaíochta rochtana ar oideachas** ann, idir oideachas foirmiúil agus neamhfhoirmiúil.

Chonclúidigh an Tuarascáil a cuireadh amach mar thoradh ar an Athbhreithniú ar Mhaoiniú do Rannóga Ullmhúcháin Scoileanna Gramadaí **nach bhfuil** soláthar maoinithe nach féidir ach le leanaí a fháil a bhfuil sé d'acmhainn ag a gcuid tuismitheoirí na táille cuí a íoc ag teacht le prionsabal an chothromais agus acmhainní á ndáileadh.

Airgeadas

Bunfhreagracht de chuid na Roinne is ea sciar barrmhaitheasa a chinntiú de na hacmhainní atá ar fáil le hoideachas a sholáthar de réir thosaíochtaí na roinne, agus lena chinntiú go mbaintear úsáid as gach acmhainn agus go dtugtar fáth leo ar dhóigh a léiríonn úsáid éifeachtach agus éifeachtúil cistí poiblí, agus **go bhfuil aird léirithe ar bhreithniúcháin chothromais.**

Áiteanna Barrachais - Pleanáil Cheantarbhunaithe

Mar a maíodh sa réamhrá, mhaígh An tAthbhreithniú Straitéiseach Neamhspleách ar Oideachas (Tuarascáil Bain), a foilsíodh i Nollaig 2006, chomh maith lena léiriú gur chreid siad go bhfuil "*páirtmhaoiniú rannóga ullmhúcháin a ghearrann táillí i scoileanna gramadaí aimhrialta",* mhaígh sé fosta,[go bhfuil] " *cuma ar an scéal gur úsáid mhíchothrom de mhaoiniú poiblí é seo agus go bhfuil sé neamhiomasach i gcóras maoinithe atá ag bainistiú brúnna leibhéil aird de thoilleadh breise ag an am chéanna.*

Chonclúidigh an Tuarascáil ar An Athbhreithniú ar Mhaoiniú Ullmhúcháin go bhfuil go leor áiteanna barrachais ar fáil i suíomhanna eile príomhshrutha, lena n-áirítear i mbunscoileanna rialaithe nó i mbunscoileanna imeasctha, le freastal ar leanaí ar bith a ndéanann a dtuismitheoirí an cinneadh go n-aistreofaí iad ó Rannóga Ullmhúcháin chuig earnáil na bunscoile.

Sa todhchaí, cinnteofar riachtanais oideachais agus tabharfar fúthu trí phróiseas pleanála ceantarbhunaithe, ar meicníocht é le hoideachas oiriúnach a chur ar fáil i gcomhthéacs réimse oideachais agus polasaithe eile, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le cothromaíocht. Amharctar ar thionchair chomhionannais na bpolasaithe nach mór don phleanáil feidhmiú iontu go leithleach de réir mar a dhéantar iad a fhorbairt agus a athbhreithniú. Ar a bharr sin, ní mheastar go mbeidh tionchar difreálach ag an chur chuige féin ar ghrúpa faoi leith ar bith de Rannán 75, ach sainítear é le cuidiú le tacú le réimse de pholasaithe oideachais.

Measúnachtaí Comhionannais i gComhthéacs Leathan

Tá ról ag an Choimisiún Comhionannais i gcomhionannas deiseanna a chur chun cinn agus comhairle a chur ar Rannóga maidir lena ndualgais faoi Rannán 75 d'Acht Thuaisceart Éireann 1998 agus leag sé a thuairim amach maidir le maoiniú rannóga ullmhúcháin mar fhreagra ar chomhairliúchán ar fhoirmle choitianta mhaoinithe do scoileanna deontaschúnta sa bhliain 2001. Ba é freagra an Choimisiúin ag an am:

> "*Ní chreideann an Coimisiún gur cuidiú ar bith é leis an chuspóir chun comhionannais deiseanna a sheachadadh leanúint d'earnáil íoctha táillí i mblianta na bunscoile. Ní thacaíonn an Coimisiún le leanúint de mhaoiniú a chur ar fáil do rannóga ullmhúcháin scoileanna gramadaí. Molann an Coimisiún gur chóir go mbeadh deireadh leis an mhaoiniú reatha de 30% de na costais teagaisc."*

I mí na Samhna 2008, d'fhoilsigh An Coimisiún Comhionannais "*Every Child an Equal Child, an Equality Commission statement on key inequalities in education and a strategy for intervention."* In alt 1.5 den doiciméad maíonn an Coimsiún:

> "*Agus an obair seo agus seasamh s'againn ar chomhionannas agus deiseanna a fhorbairt, tá trí chuspóir uileghabhálacha againn:*
>
> - *Go mbíonn comhionannas rochtana ag gach leanaí ar eispéireas oideachas d'ardchaighdeán*
> - *Go dtugtar an deis do gach leanbh a ionchas iomlán a bhaint amach; agus*
> - *Go gcuireann éiteas na scoile chun cinn cuimsiú agus rannpháirtíocht na leanaí ar fad."*

Ghlac an Coimisiún Comhionannais leis an seasamh ina measann sé gur príomhghné de chóras oideachais d'ardchaighdeán é comhionannas rochtana ar ardchaighdeán oideachais a sholáthar. Maidir lena sheasamh ar mhaoiniú do

rannóga ullmhúcháin, maíonn sé anois:

> "*Ní thugann rannóga ullmhúcháin comhionannas rochtana ar an ábhar go bhfuil láithreacht ag brath ar acmhainn na dtuismitheoirí/na dteaghlach costais mhóra bhreise a íoc. Ní chreidimid gur dea-úsáid airgid phoiblí é fóirdheontas a chur ar fáil don earnáil seo nuair atá réimsí eile a ndearna muid tosaíocht díobh sa doiciméad thuas le haghaidh idirghabhála* (Tagraíonn "Doiciméad Thuas" do Every Child as an Equal Child)

Mar fhreagra ar an cheacht comhairliúcháin ar tugadh faoi mar chuid den Athbhreithniú ar Mhaoiniú Ullmhúcháin luaigh cuid de na Rannóga Ullmhúcháin reachtaíocht Eorpach maidir le cearta tuismitheoirí m.sh.

> *"Tugaimid faoi deara go luaitear in Airteagal 2 den Chéad Phrótacal de Choinbhinsiún na hEorpa um Chearta an Duine "beidh meas ag an stát ar chearta tuismitheoirí oideachas agus teagasc i gcoimhréir lena gcreidimh fhealsúnacha a chinntiú"*
> (Coinbhinsiún na hEorpa um Chearta an Duine)

Chuaigh an BCS i gcomhairle le Coimisiún Thuaisceart Éireann um Chearta an Duine (NIHRC) ar impleachtaí an airteagail seo don Roinn. Seo mar a bhí an chuid chuí den fhreagra:

> *"Ní dhéanann an tAirteagal ach cearta tuismitheoirí le hoideachas a fháil dá leanaí i gcoimhréir le creidimh fhealsúnacha na dtuismitheoirí a chosaint, agus sa chuid is mó de chásanna tá cuid mhór suíomhanna atá in ann oideachas a chur ar fáil atá i gcoimhréir. Ní chumhdaíonn an Coinbhinsiún "prionsabal rogha an tuismitheora ar sholáthar oideachais dá leanbh (ren)" sa mhéid is go gcruthaíonn sé an ceart do thuismitheoirí scoil faoi leith a roghnú, nó cineál scoile, ó roinnt scoileanna, nó cineálacha scoileanna, atá in ann oideachas a sholáthar atá i gcoimhréir leis na creidimh sin."*

Maidir leis an cheist ar dhualgais mhaoinithe na Roinne faoi Airteagal 2 ba é freagra an HRC ná:

> *"níl aon dualgas dearfach ar an Stát maidir leis an dara habairt...,le fóirdheontas a chur ar fáil le haghaidh oideachas ar bith le creidimh fhealsúnacha tuismitheoirí a shásamh. Is leor don Stát, lena ndualgais a chomhlíonadh faoi Airteagal 2, meas a shoiléiriú ar na creidimh agus ar chreidimh fhealsúnacha tuismitheoirí sa chóras oideachais atá ann faoi láthair agus atá i mbun forbartha."*

Mar achoimre, faoi reachtaíocht um Chearta Daonna, níl aon dualgas ar an Roinn maoiniú a chur ar fáil do Rannóga Ullmhúcháin scoileanna gramadaí.

Tá dualgais na Roinne maidir le rogha tuismitheoirí leagtha amach san Ordú um Oideachas agus Leabharlanna (Tuaisceart Éireann) 1986 (Uimh. 594. (T.E. 3) .i.

> *"44. Agus gach cumhacht agus dualgas bronnta nó gearrtha orthu mar gheall ar* [*na hOrduithe Oideachais], a chleachtadh nó a chur i bhfeidhm, beidh aird ag an Roinn agus ag na boird ar an phrionsabal, sa mhéid is go mbíonn sé i gcoimhréir le soláthar oiliúint agus teagasc cuí agus go seachnaítear caiteachas míréasúnta poiblí, go gcuirfear oideachas ar leanaí de réir mhianta a dtuismitheoirí."*

Tá dualgas ar an Roinn, dá bhrí sin, amharc ar mhianta tuismitheoirí ar mhaith leo go gcuirfí oideachas ar a leanaí i Rannóg Ullmhúcháin de scoil ghramadaí, a fhad is go seachnaíonn sé caiteachas míréasúnta poiblí. Mar gheall air seo tá an cheist tógtha ag roinnt de na Rannóga Ullmhúcháin - cad chuige a bhfuil an Roinn sásta maoiniú a chur ar fáil do mhianta áirithe tuismitheoirí ach ní do mhianta eile? Is é an príomhdhifear idir na cineálacha scoileanna/earnálacha a maoiníonn an Roinn agus Rannóga Ullmhúcháin ná comhionannas rochtana. Níl féidir ach le leanaí a bhfuil sé d'acmhainn ag a gcuid tuismitheoirí na táillí

cuí a íoc rochtain a fháil ar Rannóga Ullmhúcháin. Ní mar seo atá sé le hearnálacha/cineálacha eile scoileanna.

3 BREITHNIÚ AR SHONRAÍ AGUS AR THAIGHDE ATÁ AR FÁIL

Tá sonraí ar líon na Rannóg Ullmhúcháin, mar a bhfuil siad suite, líon na ndaltaí atá ag freastal orthu chomh maith le líon na foirne teagaisc sa Tuarascáil ar Athbhreithnniú ar Mhaoiniú do Rannóga Ullmhúcháin Scoileanna Gramadaí, atá anois ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne mar chuid den chomhairliúchán seo.

Tá sonraí faoi phróifíl na ndaltaí atá ag freastal ar Rannóga Ullmhúcháin ar fáil agus nuair is féidir tá sé sa dréacht-EQIA mar chuid den bhreithniúchán ar mheasúnacht tionchair. Ba chóir a thabhairt faoi deara nuair nach mbíonn ach líon beag leanaí i taobh istigh de chuid na catagóirí Rannán 75 ní féidir na sonraí seo a chur ar fáil le féiniúlacht na ndaoine aonair a chosaint. Nuair a bhí breathnú a dhéanamh ar cé acu a bhí drochthionchar ar chuid de bith de na grúpaí comhionannais rannán 75 mar gheall ar an mholadh seo is amhlaidh gur úsáid an Roinn na sonraí uile a bhí ar fáil.

4. MEASÚNACHT AR THIONCHAIR

Tá measúnacht ar thionchair an dréacht-mholta ar gach catagóir Rannán 75 leagtha amach sna hailt seo a leanas.

Inscne

Sa bhliain 2009/09 ba é déanamh na ndaltaí a bhí ag freastal ar Rannóga Ullmhúcháin ná 49.3% baininscneach agus 50.7% firinscneach. Níl aon fhianaise ann le conclúid a dhéanamh go mbeidh drochthionchar ag an pholasaí seo ar an ghrúpa seo.

Aois

Tá gach leanbh 11 bliain d'aois nó níos óige. Tá sé seo coitianta i ngach bunscoil. Níl aon fhianaise ann le conclúid a dhéanamh go mbeidh drochthionchar ag an pholasaí seo ar an ghrúpa seo.

Creideamh

Léiríonn eolas ón bhliain 2008/09 a chuir Brainse Staidreamh agus Taighde na Roinne - atá mar chuid urphoist de Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Staidreamh agus um Thaighde (NISRA) - mar chuid den Daonáireamh Bliantúil Scoile (TE) gurbh é déanamh reiligiúnach daltaí ag freastal ar Rannóga Ullmhúcháin ná 54.9% Protastúnach, 10.7% Caitliceach agus 34.5% creideamh eile. Thiocfadh leis seo a léiriú go bhféadfadh drochthionchar a bheith ar leanaí Protastúnacha agus ar na leanaí sin as Creideamh Eile mar gheall ar an mholadh le maoiniú a bhaint ar shiúl ó Rannóga Ullmhúcháin. Ba chóir a thabhairt faoi deara gurb ionann líon **iomlán** na ndaltaí atá ag freastal ar Rannóga Ullmhúcháin agus 1.5% den phobal iomlán bunscoile.

Tuairim Pholaitiúil

Níl an t-eolas seo ar thaifead maidir le leanaí atá ag freastal ar bhunscoileanna. Níl aon fhianaise ann le conclúid a dhéanamh go mbeidh drochthionchar ag an pholasaí seo ar an ghrúpa seo.

Stádas Pósta

Ní bhaineann sé seo le páistí bunscoile.

Stádas Cleithiúnaithe

Níl aon fhianaise go mbeadh dualgais chúramóirí ar leanaí. Tá sé tugtha le fios ag Barnardos gurb é meánaois chúramóra óig ná 12 bliain d'aois.

Míchumas

Léiríonn sonraí ó Rannóga Ullmhúcháin don bhliain 2008/09 go bhfuil líon na ndaltaí a bhfuil Ráiteas Riachtanas Speisialta Oideachais acu níos lú ná leanaí i mbunscoileanna príomhshrutha.

Ar an ábhar nach féidir ach dalta aonair (nó líon beag daltaí) a thaifeadadh sa ghrúpa seo, ní féidir sonraí a nochtadh mar gheall ar shrianta rúndachta.

Níl aon fhianaise ann le conclúid a dhéanamh go mbeidh drochthionchar ag an pholasaí seo ar an ghrúpa seo.

Ar an ábhar nár bailíodh an t-athróg mhíchumais ó bhunscoileanna i ndaonáireamh 2008/09, baineadh úsáid as líon na ndaltaí a raibh Riachtanas Speisialta Oideachais acu mar sheach.

Thiocfadh dó gur deis iontach é seo le dearcaí dearfacha a chur chun cinn maidir le daoine míchumasacha nó a rannpháirtíocht sa tsaol phoiblí a spreagadh trí athruithe a dhéanamh ar an pholasaí ar an ábhar go bhfuil i bhfad

níos mó leanaí sna bunscoileanna príomhshrutha ná mar atá sna Rannóga Ullmhúcháin.

Eitneachas

Tá sonraí don bhliain 2008/09 ar fáil a léiríonn an briseadh síos idir leanaí "Geala" agus "Neamhgheala" ag freastal ar Rannóga Ullmhúcháin. Léiríonn sé seo go rangaítear bunús na leanaí atá ag freastal ar Rannóga Ullmhúcháin mar "Gheal". Ar an ábhar nach féidir ach dalta aonair (nó líon beag daltaí) a thaifeadadh sa ghrúpa seo, ní féidir sonraí a nochtadh mar gheall ar shrianta rúndachta. Níl aon fhianaise ann le conclúid a dhéanamh go mbeidh drochthionchar ag an pholasaí seo ar an ghrúpa seo.

Claonadh Gnéasach

Níl an t-eolas seo ar thaifead.

5. BREITHNIÚ AR MHAOLÚ AGUS ROGHANNA EILE

Tá an Roinn go hiomlán tiomanta do chur i bhfeidhm mar is ceart na ndualgas a ghearrtar ar údaráis phoiblí ag Rannán 75 de Sceideal 9 le hAcht Thuaisceart Éireann 1998.

Is é éifeacht an pholasaí mholta ná páirtmhaoiniú a bhaint ar shiúl ó Rannóga Ullmhúcháin Scoileanna Gramadaí ar bhonn Comhionannais Rochtana. Is é measúnacht na Roinne go mbeidh dea-thionchar ag an athrú seo mar go bhfuil sé ar aon dul le polasaithe an Rialtais féin agus ar aon dul le dearcadh an Choimisiúin Chomhionannais.

Chonclúidigh an Tuarascáil ar An Athbhreithniú ar Mhaoiniú Ullmhúcháin go bhfuil go leor áiteanna barrachais ar fáil i suíomhanna eile príomhshrutha, lena n-áirítear i mbunscoileanna rialaithe nó i mbunscoileanna imeasctha, le freastal ar leanaí ó Rannóga Ullmhúcháin a d'aistrigh chuig earnáil na bunscoile.

Dá mbeadh áiteanna den chineál sin ar fáil is amhlaidh go maolódh sé sin in éadan drochthionchar ar bith ar leanaí Protastúnacha nó ar leanaí as Creideamh Eile a d'fhágfadh Rannóga Ullmhúcháin.

Ní mheasann an Roinn go mbeidh drochthionchar ná tionchar leatromach ag an mholadh le maoiniú a bhaint ar shiúl, ag glacadh san áireamh déanamh reatha na ndaltaí atá ag freastal ar Rannóga Ullmhúcháin agus go bhfuil áiteanna barrachais ar fáil sa suíomh príomhshrutha.

Bunófar córas, áfach, le monatóireacht a dhéanamh ar thionchar na bainte ar shiúl leis an éifeacht ar na grúpaí cuí agus na foghrúpaí sna catagóirí comhionannais a dhearbhú.

Má shíleann comhairlithe go mb'fhéidir go mbeadh drochthionchair ag an mholadh le maoiniú a bhaint ar shiúl, chuirfeadh an Roinn fáilte roimh mholtaí ar bith ar bheartais a mhaolódh tionchair den chineál sin agus gníomhaíochtaí eile ar bith a chuirfeadh comhionannas deiseanna ar fáil ar bhealach níos fearr.

6 PROMHADH TUAITHE/RÉIGIÚNACH

Is é an cuspóir atá leis an phromhadh tuaithe/réigiúnach ná lena chinntiú cé acu a bheidh tionchar difriúil ag an mholadh polasaí ar cheantair tuaithe ná áiteanna eile.

Níl aon fhianaise ann le conclúid a dhéanamh go mbeidh drochthionchar ag an pholasaí seo ar phobail tuaithe.

7 COMHAIRLIÚCHÁN

Aithníonn an Roinn an tábhacht le comhairliúchán ciallmhar agus tá sí tiomanta don chomhairliúchán ar bhealach oscailte agus cuimsitheach. Beidh fáilte roimh dhearcaí eagraíocht ar bith, grúpa nó duine aonair a bhfuil sainspéis acu sa réimse seo agus déanfaidh an Roinn a mhachnamh ar mholtaí ar bith a dhéantar ar bhealach dáiríre agus tuisceanach maidir lena dtionchair ar:

(i) cur chun cinn comhionannas deiseanna:

- idir daoine a bhfuil cúlraí áirithe creidimh agus polaitiúla acu;
- agus daoine ó chiníocha áirithe, ó aoiseanna difriúla, daoine a bhfuil stádas áirithe pósta acu agus
  daoine a bhfuil claonadh áirithe gnéasach acu;
- idir fir agus mná go ginearálta;
- idir daoine míchumasacha agus daoine nach bhfuil míchumasach; agus
- idir daoine a bhfuil cleithiúnaithe orthu agus daoine nach bhfuil;

(ii) an inmhianaitheacht a bhaineann le dea-chaidrimh a chruthú idir daoine ó chúlraí áirithe creidimh, polaitiúla nó ó chiníocha áirithe.

Leanfaidh an Comhairliúchán treoirlínte an Choimisiúin Chomhionannais ar chomhairliúchán atá ina Threoir Phraiticiúil ar Mheasúnacht Tionchair Chomhionannais.

Le linn na tréimhse comhairliúcháin is amhlaidh go ndéanfaidh an Roinn an méid seo a leanas:

- cuirfidh sí in iúl do na scoileanna go bhfuil an comhairliúchán ar oscailt agus go bhfuil an doiciméad comhairliúcháin ar fáil do scoileanna, do ghrúpa leasmhara oideachais, do ghrúpaí creidimh,

do Ghrúpaí Rannán 75, go gheallsealbhóirí agus do bhaill ar bith den phobal ar iarratas;

- cuirfidh sí cóip de na doiciméid chomhairliúcháin ar láithreán gréasáin an DE;
- cuirfidh sí an doiciméadúchán comhairliúcháin ar fáil i bhformáidí áirithe dóibh siúd a iarrann a leithéid;
- breathnóidh sí ar chruinnithe comhairliúcháin ar iarratas le daoine nó le hionadaithe grúpaí sainspéise ar bith, ag glacadh san áireamh riachtanais speisialta a d'fhéadfadh a bheith acu; agus
- pléifidh sí le ceisteanna ar bith go gasta.

Tá Brainse Airgeadais na Scoileanna ag comhordú an chomhairliúcháin seo agus is é **Déardaoin 4 Márta 2010** an spriocdháta le haghaidh iarratas.

8 CINNEADH FAOIN TUARASCÁIL AGUS FOILSIÚ NA TUARASCÁLA

Ullmhófar an doiciméad deiridh EQIA i ndiaidh breithniúcháin ar na tuairimí a fhaightear le linn an phróisis chomhairliúcháin.

Cuirfidh cóipeanna den mheasúnacht dheiridh ar aghaidh chuig gach comhairlí a ghlac páirt sa phróiseas comhairliúcháin. Foilseofar é chomh maith ar an Idirlíon agus cuirfear ar fáil é i gcóip chrua agus i bhformáidí éagsúla ar iarratas.

9 MONATÓIREACHT AR DHROCHTHIONCHAR SA TODHCHAÍ AGUS FOILSIÚ THORTHAÍ NA MONATÓIREACHTA SIN

Baileofar sonraí ar bhonn bliantúil faoin tionchar atá an polasaí a imirt ar na grúpaí ábhartha agus ar na foghrúpaí sna catagóirí comhionannais.

Má léiríonn an mhonatóireacht agus an anailís seo ar thorthaí drochthionchar atá níos measa ná mar a bhíothas ag dúil leis, nó má thagann deiseanna chun cinn ina bhféadfaí tuilleadh comhionannas deiseanna a chur chun cinn tabharfar faoi ghníomhaíocht lena chinntiú cé acu arbh fhéidir torthaí níos fearr do na grúpaí ábhartha comhionannais a bhaint amach.

IARSCRÍBHINN 1:

DRÉACHT EQIA AR AN MHOLADH LE MAOINIÚ A BHAINT AR SHIÚL Ó RANNÓGA ULLMHÚCHÁIN SCOILEANNA GRAMADAÍ

Ceisteanna le haghaidh Comhairliúcháin

1. An measann tú go mbeidh drochthionchar ag cuid ar bith de na moltaí ar ghrúpa ar bith Rannán 75?

Is iad na grúpaí i Rannán 75 ná:

- daoine a bhfuil cúlraí áirithe creidimh acu;
- daoine a bhfuil tuairim áirithe pholaitiúil acu;
- daoine ó chiníocha áirithe;
- daoine ó aoiseanna áirithe;
- daoine a bhfuil stádas áirithe pósta acu;
- daoine a bhfuil claonadh áirithe gnéasach acu;
- fir agus mná go ginearálta;
- daoine míchumasacha agus daoine nach bhfuil míchumasach; agus
- daoine a bhfuil cleithiúnaithe orthu agus daoine nach bhfuil.

MEASAIM/NÍ MHEASAIM (scrios mar is cuí)

2. Más 'Measaim' an freagra ar cheist 1, inis dúinn le do thoil:

- Cad iad na grúpaí a dtéann an polasaí i bhfeidhm orthu i do bharúil? agus
- Cén dóigh an mbeidh drochthionchar ar na grúpaí seo i do bharúil?

3. Cad é eile a d'fhéadfaí a dhéanamh a mhaolódh nó a laghdódh drochthionchar ar na grúpaí seo?

4. Cad iad na hathruithe ar an pholasaí trína bhféadfaí cur chun cinn comhionannais agus dea-chaidrimh níos fearr a chruthú?

5. An bhfuil tú eolach ar fhianaise ar bith sa bhreis nó eolas ar chóir don Roinn amharc air agus measúnacht a dhéanamh ar thionchair chomhionannais na moltaí? Má tá, tabhair sonraí le do thoil.

6. An aontaíonn tú nó nach n-aontaíonn tú ar na conclúidí a baineadh amach sa Mheasúnacht Tionchair Chomhionannais?

Aontaím/Ní Aontaím (Mura n-aontaíonn tú, luaigh an fáth)

SÍNITHE_____:

EAGRAÍOCHT:

DÁTA:

IARSCRÍBHINN 2:

DRÉACHT EQIA AR AN MHOLADH LE MAOINIÚ A BHAINT AR SHIÚL Ó RANNÓGA ULLMHÚCHÁIN SCOILEANNA GRAMADAÍ

Acht um Shaoráil Faisnéise 2000 - Rúndacht na gComhairliúchán

Foilseoidh an Roinn achoimre ar fhreagraí nuair a thabharfar an próiseas comhairliúcháin chun críche. Is féidir go nochtfar do fhreagra, agus gach freagra eile ar an chomhairliúchán, ar iarratas. Ní féidir leis an Roinn diúltú do nochtadh faisnéise ach amháin má tá cásanna eisceachtúla ann. **Sula** gcuireann tú do fhreagra isteach, léigh na hailt thíos le do thoil ar rúndacht na gcomhairliúchán agus tabharfaidh siad treoir duit ar an seasamh dlíthiúil faoi eolas ar bith tugtha agat mar fhreagra ar an chomhairliúchán seo.

Mar gheall ar an Acht um Shaoráil Faisnéise, tá ceart rochtana ag an phobal ar fhaisnéis ar bith atá i seilbh údaráis phoiblí, is é sin, an Roinn sa chás seo. Áirítear leis an cheart rochtana seo faisnéis a chuirtear ar fáil mar fhreagra ar chomhairliúchán. Ní féidir leis an Roinn glacadh go huathoibríoch le faisnéis a chuirtear ar fáil di mar fhreagra ar chomhairliúchán mar rún. Tá sé de dhualgas uirthi, áfach, cinneadh a ghlacadh cé acu ba chóir faisnéis ar bith a chuireann tú ar fáil mar fhreagra ar an chomhairliúchán seo, lena n-áirítear faisnéis faoi do fhéiniúlacht féin, a dhéanamh poiblí nó a choinneáil rúnda.

Ciallaíonn sé seo nach dócha go gcaithfear leis an fhaisnéis a chuireann tú ar fáil mar fhreagra ar chomhairliúchán mar rún, ach amháin i gcásanna eisceachtúla. Forálann Cód Cleachtais an Ard-Seansailéara ar an Acht um Shaoráil Faisnéise an méid seo a leanas:

- Níor chóir don Roinn ach glacadh le faisnéis ón tríú páirtí faoi rún má tá sé riachtanach an fhaisnéis sin a fháil maidir le cur i bhfeidhm fheidhmeanna na Roinne agus nach gcuirfí ar fáil é seachas sin.
- Níor chóir don Roinn aontú ar fhaisnéis a choinneáil a fhaightear ó thríú páirtí ‘faoi rún’ nach bhfuil nádúr na rúndachta inti.

- Ní mór fáthanna maithe a bheith ag an Roinn glacadh le soláthraithe rúndachta, ar féidir údarás a thabhairt leo don Choimisinéir Faisnéise.

Le tuilleadh eolais a fháil faoi rúndacht na bhfreagraí déan teagmháil le do thoil le hOifig an Choimisinéara Faisnéise nó tabhairt cuairt ar an láithreán gréasáin ag:
http:// www.informationcommissioner.gov.uk.